2024/212

5.1.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/212 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Eanáir 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Meán Fómhair 2017, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2374 (2017), lenar bunaíodh creat chun toirmeasc taistil agus reo sócmhainní a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó atá comhpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí a chur i mbaol, nó a bhí páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach.

(2) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1770 chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí ([2]).

(3) An 31 Lúnasa 2023, chuaigh córas smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe in éag nuair a theip ar an gComhairle Slándála teacht ar chomhaontú maidir lena shíneadh.

(4) I bhfianaise fhoirceannadh chóras smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe maidir le Mailí, ba cheart na hiontrálacha go léir in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 a scriosadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/1770 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Eanáir 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
H. LAHBIB

([1]) IO L 251, 29.9.2017, lch. 1.
([2]) Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí (IO L 251, 29.9.2017, lch. 23).

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770, i 'Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2a', scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine a liostaítear thíos:

1. AHMED AG ALBACHAR;
2. HOUKA HOUKA AG ALHOUSSEINI;
3. MAHRI SIDI AMAR BEN DAHA;
4. MOHAMED BEN AHMED MAHRI;
5. MOHAMED OULD MATALY.